


| | |
|---|---|
| **Coláiste \| Aonad Bainistíochta** | An Coláiste Sláinte agus Eolaíochtaí Talmhaíochta |
| **Scoil \| Aonad** | Scoil an Leighis |
| **Teideal an Phoist & Limistéar Ábhair** *(más ábhartha)* | Bainisteoir Gnóthaí Cáilíochta agus Rialála |
| **Fad an Phoist** | Téarma Seasta Sealadach 5 Bliana |
| **Grád** | Oifigeach Riaracháin IA |
| **Cnuasach Poist and Leibhéal Gairme** | Oibríochtaí & Bainistíocht Acadúla agus Cláir (APOM) – Leibhéal Gairme 5 |
| **Uimhir Thagartha don Ghrádú Poist** | 2014/055 |
| **Bainisteoir Líne** | An tOllamh Peter Doran |
| **Uimhir Thagartha an Chomórtais** | 018001 |
| **Riarthóir Acmhainní Daonna** | Julie Breen |

## Achoimre ar an bPost:

Is saoráid othardhírithe é an *tIonad Taighde Chliniciúil UCD* (UCD CRC) atá faoi stiúir scoláirí agus le haghaidh taighde aistrithigh chliniciúil ag na hOspidéil Ollscoile Mater Misericordiae agus Naomh Uinseann. Feidhmítear é faoi struchtúr rialachais comhtháite amháin laistigh de Scoil an Leighis UCD. De bhreis ar thacú le punann mór de thionscadail thaighde chliniciúla atá faoi stiúir imscrúdaitheoirí san earnáil, tá an tIonad Taighde Chliniciúil UCD ar thús cadhnaíochta maidir le seachadadh oiliúna taighde chliniciúil. Is pointe comhtheagmhálach é an t-ionad chun dul i mbun plé le tionscal (cuideachtaí cógaisíochta, CROanna, údaráis rialála) agus a mbítear ag comhoibriú ar bhonn náisiúnta agus idirnáisiúnta ar rátaí méadaitheacha.

Tá an post **Cúrsaí Cáilíochta agus rialála** ríthábhachtach i dtaca le rath leanúnach an Ionaid Thaighde Chliniciúil UCD agus lena dtacófar le ceannasaíocht an ionaid trí:

- Córais cháilíochta a fhorbairt, a chur chun feidhme agus a chothabháil laistigh den Ionad Taighde Chliniciúil
- Tacaíocht a sholáthar d'Imscrúdaitheoirí ag tabhairt faoi thrialacha cliniciúla arna dtosú ag imscrúdaitheoirí
- Iarratais ar Trialacha Cliniciúla a chomhordú agus iad á gcur faoi bhráid comhlachtaí rialála
- Tionscnaimh dhearbhaithe Cáilíochta a fhorbairt agus a stiúradh

## Príomhdhualgais agus Príomhfhreagrachtaí:

Beidh an sealbhóir poist freagrach as na príomhthascanna seo a leanas.

__Córas Cáilíochta__

- Cabhrú le ceannasaíocht an Ionaid Thaighde UCD chun a chinntiú go ndéantar trialacha cliniciúla arna ndéanamh i gcomhréir le treoirlínte ICH GCP, le reachtaíocht áitiúil agus leis an Treoir maidir le Trialacha Cliniciúla.
- Córas cáilíochta a bhunú agus a chothabháil lena dtacaítear le gníomhaíochtaí an Ionaid lena n-áirítear BNIOnna agus orduithe oibre ginearálta agus a bhaineann go sonrach le staidéar.
- Córais a chur chun feidhme agus monatóireacht a dhéanamh orthu chun comhlíontacht rialála a chinntiú ar feadh saolré na staidéar cliniciúil, ag forbairt nósanna imeachta QA chun tacú le staidéir a thosú, a chur chun feidhme, a chur i gcrích agus a chur i gcartlann.

**Sábháilteacht agus Faireachas Cógaisíochta**

- Cabhrú le faireachas cógaisíochta a chinntiú agus go gcomhlíonfar oibleagáidí an Ionaid Thaighde Chliniciúil UCD maidir le tuairisciú ar shábháilteacht.
- Monatóireacht a dhéanamh ar thuairisciú ar shábháilteacht i dtrialacha cliniciúla arna dtosú ag imscrúdaitheoirí chun comhlíontacht a chinntiú
- Tacú le Boird Mhonatóireachta ar Shábháilteacht Shonraí i dtaca le staidéir inmheánacha, i gcás inar gá

**Feidhmeanna Rialála**

- Straitéisí rialála a fhorbairt a thagann le hamlínte na dtionscadal agus lena gcabhrófar le forbairt cháipéisíochta maidir le haighneachtaí (i.e. prótacal, bileog faisnéise othair agus toiliú). Cuirfear an sealbhóir poist ar an eolas maidir le gach cumarsáid a bhaineann le saolré thrialach a dhéanfar leis na húdaráis inniúla.
- Aighneachtaí trialach cliniciúil atá faoi stiúir imscrúdaitheoirí agus arna gcur faoi bhráid na n-údarás inniúil ábhartha a chomhordú.
- Idirchaidreamh a dhéanamh leis na húdaráis inniúla a mhéid a bhaineann sé le trialacha cliniciúla sonracha.

**Iniúchadh agus Scrúdú**

- Ullmhúcháin don iniúchadh riachtanach a dhéanfaidh údaráis inniúla agus comhpháirtithe tionscail a stiúradh
- Gníomhú mar an príomhdhuine teagmhála do ghníomhaireachtaí rialála le linn iniúchtaí riachtanacha,
- Athbhreithniú a dhéanamh ar aon thorthaí na n-iniúchtaí, ag glacadh freagracht as beart leigheasta a chomhordú, ag cinntiú go gcuirfear tascanna i gcrích agus go gcomhlíonfar caighdeáin rialála riachtanacha

**Oiliúint**

- Cláir oiliúna saincheaptha a fhorbairt don fhoireann C i réimsí a bhaineann le cáilíocht agus le rialáil, de réir mar is gá
- Cur le cláir a mhúineann céimithe i dtaighde Cliniciúil agus Aistritheach

**Eile**

- Dualgais eile a bhaineann leis an ról a dhéanamh de réir mar a stiúrann Stiúrthóir an Ionaid Thaighde Chliniciúil UCD

**95 Oifigeach Riaracháin Lasmuigh den Ia_2013 (2010) (7080) Scála Tuarastail: €69,226 - €80,894**

Déanfar an ceapachán ar scála agus de réir threoirlínte na Roinne Airgeadais.

Tá sonraí maidir le hincháilitheacht chun dul san iomaíocht agus faisnéis pinsin ar fáil ag https://www.ucd.ie/hr/resourcing/eligibilitytocompete/

Fáiltíonn UCD roimh iarratais ó chách. Táimid tiomanta do thimpeallacht a chruthú ina ndéantar an éagsúlacht a cheiliúradh agus ina dtugtar comhionannas deiseanna do chách. Foghlaim tuilleadh faoin Éagsúlacht ag https://www.ucd.ie/workatucd/diversity/

**Critéir Roghnúcháin**
Tá Creatlach Grúpaí Post in UCD agus tá an ról seo mar chuid de Ghrúpa Post na Bainistíochta agus Oibríochtaí Acadúla agus Clár (APOM), agus tá sé ag teacht le Leibhéal Gairmréime 5. Tá tuilleadh sonraí ar na hinniúlachtaí feidhmiúla agus lárnacha atá leagtha amach sa Chreat Cnuasach Poist ar fáil ag https://www.ucd.ie/hr/promotionsgrading/jobfamilies/

Éigeantach:

**Taithí agus Cáilíochtaí**

- 5-6 bliana de thaithí ghairmiúil ag obair i ról a bhaineann le bainistíocht agus oibríochtaí acadúla agus clár in eagraíocht mhór nó in institiúid tríú leibhéal agus céim tríú leibhéal.
- A lán taithí ar chúrsaí cáilíochta agus rialála.
- Taithí ar fhaomhadh trialacha cliniciúla
- Taithí ar chiall a bhaint as reachtaíocht a bhaineann le taighde cliniciúil
- Taithí ag obair i dtimpeallacht taighde chliniciúil.
- Taithí ar Bhainistiú Staidéir Thaighde Chliniciúil nó ar Mhonatóireacht a dhéanamh ar Thrialacha
- Taithí roimhe sin ag obair laistigh de thimpeallacht Ollscoile nó ospidéil.
- Sárscileanna cumarsáide agus idirphearsanta.
- Scileanna cinnteoireachta agus réitigh fadhbanna láidre.
- Cumas oibriú as stuaim féin agus mar bhall d'fhoireann ag tarmligean go héifeachtach chun spriocdhátaí a bhaint a amach.
- Muinín agus gairmiúlacht ag déileáil le fiosrúcháin ó mhic léinn, ón bhfoireann acadúil agus ón bpobal i gcoitinne i bpearsa, ar an teileafón agus trí r-phost.
- Críonnacht agus cáiréis ag déileáil le faisnéis rúnda.
- Scileanna TF láidre lena n-áirítear inniúlacht i MS Office agus i dtáirgí gaolmhara.

**Inniúlachtaí Feidhmiúla**

- **Anailís Gnó (Leibhéal Oilteachta 3):** Cumas den scoth chun riachtanais úsáideora a aistriú go réitigh, doiciméid a phróiseáil, tuarascálacha a scríobh agus cultúr um fheabhsú leanúnach a chruthú.
- **Bainistíocht Sonraí (Leibhéal Oilteachta 3):** Eolas suntasach ar dhea-chleachtais bainistíochta sonraí agus cleachtais rialaithe sonraí.
- **Athléimneach Oibríochtúla (Leibhéal Oilteachta 3):** Cumas fairsing chun stamina agus feidhmíocht a choinneáil i dtascanna laethúla agus gníomhú go héifeachtach faoi bhrú agus chun diongbháilteacht, féin-smacht agus tiomantas a thaispeáint i bhfianaise timpeallacht nó míbhuntáistí atá ag athrú. Áirítear leis sin teacht aniar ó dhíomá nó achrann, gan ligean dá leithéid sin tionchar diúltach a imirt ar fheidhmíocht leanúnach.
- **Tacaíocht, Treorú agus Comhairle (Leibhéal Oilteachta 3):** Cumas suntasach tacaíocht, treoir agus comhairle a chur ar fáil do mhic léinn, don dámh agus don fhoireann. Clúdaíonn sé seo leas agus folláine na mac léinn agus na foirne laistigh den institiúid chomh maith le tacaíocht agus comhairle oibríochtúil, i gcásanna neamhfhoirmiúla agus foirmiúla araon. D'fhéadfadh go n-áireofaí leis sin an gá a bheith ar an eolas faoi na seirbhísí tacaíochta atá ar fáil; comhairle agus treoir thacúil a chur ar fáil; agus comhairle a thabhairt do dhaoine eile ar shaincheisteanna ar leith.
- **Grinneas Teicniúil (Leibhéal Oilteachta 3):** Sárchumas chun eolas teicniúil, scileanna, agus breithiúnas a chur i bhfeidhm agus a fheabhsú chun toradh a chur i gcrích nó chun tascanna a chur i gcrích go héifeachtach agus chun smaoineamh ar bhealaí chun forbairtí nua a chur i bhfeidhm chun feidhmíocht eagraíochtúil nó seirbhís do chustaiméirí a fheabhsú. Cumas den scoth treochtaí a aithint i dteoiric agus i gcleachtas a réimse theicniúil féin agus ullmhú go héifeachtach le haghaidh athruithe a bhfuiltear ag súil leo.

**Príomhinniúlachtaí**

- **<u>Cumarsáid Éifeachtach (Leibhéal Oilteachta 4)</u>:** An cumas dul i mbun cumarsáide scríofa agus labhartha atá soiléir, gan débhrí, trédhearcach agus comhsheasmhach le Luachanna UCD, in ann eolas agus smaointe a chur i láthair agus a roinnt le daoine eile, éisteacht go cúramach, tuiscint a shoiléiriú agus dearcthaí éagsúla a mheas.

- **Pleanáil agus Eagrú (Leibhéal Oilteachta 4):** Cumas eisceachtúil chun a gcuid oibre féin a phleanáil agus a eagrú go héifeachtach, tosaíochtaí soiléire a leagan síos agus a chinntiú go gcomhlíontar spriocdhátaí agus gníomhaíochtaí a eagrú, tascanna a scaradh agus a chur le chéile chun aschuir a sheachadadh de réir fráma ama soiléir chun cuspóirí Scoile/Aonaid/Coláiste/Ollscoile a bhaint amach.

© Acmhainní Daonna UCD

- **Feasacht Eagraíochta (Leibhéal Oilteachta 4):** Sárchumas tuisceana ar UCD ina iomláine a léiriú, lena n-áirítear struchtúir rialachais agus rialacháin, agus tuiscint a léiriú ar Thírdhreach an Ardoideachais ina n-oibríonn UCD.

- **Bainistíocht Tionscadail (Leibhéal Oilteachta 3):** Cumas suntasach chun spriocanna, cuspóirí agus critéir ratha tionscadail nó cláir a chinntiú agus seo a shainiú go soiléir ag an tús, róil agus freagrachtaí gaolmhara, spriocanna insoláthartha, garspriocanna a shoiléiriú agus plean tionscadail mionsonraithe a fhorbairt agus monatóireacht chúramach a dhéanamh ar an dul chun cinn ina choinne.

- **Páirtithe Leasmhara a Bhainistiú (Leibhéal Oilteachta 1):** Cumas an tábhacht a bhaineann le rannpháirtíocht na ngeallsealbhóirí a thuiscint, riachtanais na bpáirtithe leasmhara a fhreagairt, ionchais a bhainistiú agus caidrimh oibre láidre le páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha a fhorbairt agus a chothú.

- Ní mór d’iarrthóirí feasacht ar chlár oibre comhionannais, éagsúlachta agus ionchuimsithe a léiriú

Inmhianaithe:

- Cumas comhpháirtíochtaí éifeachtacha agus caidrimh oibre láidre a bhunú ar gach leibhéal go hinmheánach agus go seachtrach, lena n-áirítear ceannródaithe taighde, feidhmeannaigh thionscail sinsearacha agus comhairleoirí i ngníomhaireachtaí stáit.
- Díograis, nuálaíocht agus solúbthacht ag freagairt ar riachtanais an phoist a bhféadfar uaireanta oibre a bheith i gceist leis.

## Eolas Breise:

| | |
|---|---|
| An Ollscoil: | https://www.ucd.ie/ |
| Straitéis UCD 2020-2024: Réidh don Todhchaí | https://strategy.ucd.ie/ |
| An Coláiste/Aonad Bainistíochta: | https://www.ucd.ie/chas/ |
| An Scoil/Oifig Chláir/Aonad: | https://www.ucd.ie/medicine |
| Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú (EDI) ag UCD | https://www.ucd.ie/workatucd/diversity/ |

**Fiosrúcháin Neamhfhoirmeálta AMHÁIN chuig:**

| | |
|---|---|
| Ainm: | Professor Peter Doran |
| Teideal: | Ollamh na dTrialacha Cliniciúla |
| Seoladh ríomhphoist: | Peter.doran@ucd.ie |